C/2023/1052

20.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11312 — PLATINUM COMPASS / DIGITALBRIDGE / LANDMARK DIVIDEND)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1052)

1. An 13 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Platinum Compass B 2018 RSC Limited ('Platinum Compass', Abú Daibí, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) arna rialú ag Údarás Infheistíochta Abú Daibí ('ADIA', Abú Daibí, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— DigitalBridge Group, Inc. ('DigitalBridge', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Landmark Dividend LLC ('Landmark', SAM) faoi rialú DigitalBridge.

Gheobhaidh Platinum Compass agus DigitalBridge rialú comhpháirteach ar Landmark de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Platinum Compass faoi lánúinéireacht agus faoi rialú ADIA, institiúid phoiblí arna bunú ag Rialtas Éimíríocht Abú Daibí in 1976 mar institiúid infheistíochta neamhspleách. Bainistíonn ADIA punann infheistíochta domhanda atá éagsúlaithe thar níos mó ná dhá dhosaen aicme sócmhainní agus fochatagóir,

— Is gnólacht infheistíochta bonneagair dhigitigh ar scála domhanda é DigitalBridge a infheistíonn i gcúig phríomhréimse: (i) lárionaid sonraí; (ii) crainn chumarsáide; (iii) líonraí snáithíní; (iv) mioncheallaí; agus (v) bonneagar imeall-ríomhaireachta. Tá DigitalBridge liostaithe go poiblí ar an Stocmhalartán Nua-Eabhrac (siombail ticire: DBRG),

— Is gnólacht infheistíochta réadmhaoine é Landmark a fhaigheann leasanna réadmhaoine a bhaineann le bonneagar digiteach sna Stáit Aontaithe, i gCeanada agus san Astráil gan aon ioncam ná sócmhainní in LEE. Tá Landmark dírithe go príomha ar an ionad sonraí, ar chumarsáid gan sreang, ar fhógraíocht lasmuigh agus ar thionscail giniúna cumhachta in-athnuaite.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11312 — PLATINUM COMPASS / DIGITALBRIDGE / LANDMARK DIVIDEND

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË